# Carn na Ros

## 1.0 Comhthéacs agus Saintréithe an tSráidbhaile

Tá Carn na Ros suite i dtuaisceart Chontae na Mí feadh an bhóthair réigiúnaigh R147, a bhíodh mar an príomhbhealach náisiúnta N3 roimhe seo ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Cabhán. Thart ar 5km lastiar de bhaile Cheanannais atá an sráidbhaile suite. Tá Carn na Ros tar éis fás mar lonnaíocht bheag, agus í ag gathú amach ón gcrosaire a nascann baile agus sráidbhailte Cheanannais, Achadh an Iúir, Mhaigh nEalta agus Chrosa Caoil. Áirítear le saintréithe an tsráidbhaile roinnt mhaith déanmhas cosanta, áiseanna sóisialta agus pobail, agus tíopeolaíochtaí traidisiúnta baile agus tí feirme. Tá sé tar éis forbairt mar áit ina bhfuil ceithre cheantar saintréithe ar leith, agus iad deighilte ag radhairc oscailte ar an tuath máguaird; ceantar cónaithe Radharc na hAbhann, Crosaire an tSráidbhaile, Marglann Charn na Ros agus Lennoxbrook / Páirc Naomh Ciarán.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Áit san Ordlathas Lonnaíochta** | Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt | | |
| **Daonra** | 2011 | 2016 | % Athrú |
| | Daonra 189 | Daonra 249 | Méadú 31% ar dhaonra |
| **Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise** | 20 aonad | | |
| **Aonaid atá geallta nár tógadh fós** | 0 | | |
| **Uimh. an tSoláthair Tithíochta** | 57 | | |
| **Áiseanna Oideachais** | Scoil Náisiúnta Charn na Ros | | |
| **Áiseanna Pobail** | Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Ciarán, Halla Pobail Charn na Ros, CLG Charn na Ros - Páirc Naomh Ciarán agus Reilig an Teaghlaigh Naofa (Plean Limistéir Lasmuigh) | | |
| **Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** | Ceann ar bith | | |
| **Déanmhais Chosanta** | Tá 7 struchtúr cosanta suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile:<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-200 — Tithe c.1879<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-201 — Tithe c.1879<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-202 — Teach Ceárta c.1871<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-203 — Eaglais C R Naomh Ciarán c.1825<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-204 — Caidéal Uisce c.1870<br>Taifead ar Dhéanmhais Chosanta MH010-205 — Teach Paróiste Charn na Ros c.1880<br>Níl aon láithreáin, gnéithe nó déantáin liostaithe mar Shéadchomharthaí Taifeadta laistigh de theorainn an tsráidbhaile. | | |
| **Toilleadh Bonneagair** | Córas Cóireála Fuíolluisce Charn na Ros-Toilleadh ar Fáil.<br>Níl aon soláthar poiblí uisce sa sráidbhaile, agus is srian mór é sin. Braitheann an fhorbairt fhadtéarmach ar nasc a bheith ann leis an soláthar poiblí uisce ó sholáthar uisce Cheanannais / an tSeanchaisleáin. | | |

| | |
|---|---|
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte** | Níl aon Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte de dhíth. Na Beartais i bPlean Forbartha Contae 2013 – 2019 maidir le Bainistiú Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm. |
| **Láithreáin Natura 2000** | Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh den sráidbhaile. Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe suite thart ar 2km siar ó dheas ón sráidbhaile |
| **Crios Acmhainneachta Seandálaíochta** | Tá Crios Acmhainneachta Seandálaíochta ar fáil in aice leis an sráidbhaile. |

# 2.0 Fís

Go mbeadh an comhleanúnachas mar bhonn agus taca ag féiniúlacht Shráidbhaile Charn na Ros; cheantar *cónaithe Radharc na hAbhann*, *Chrosaire an tSráidbhaile*, *Mharglann Charn na Ros* agus *Lennoxbrook / Páirc Naomh Ciarán*, bunaithe ar chomhdhlúthú agus láidriú na gceithre cheantar saintréithe ar leith sin sa sráidbhaile, d'fhonn an nasc siúil idir na ceantair shaintréithe agus a ríochtaí poiblí a fheabhsú, agus aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le caighdeán oidhreacht thógtha an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú chun a chinntiú go bhfásfaidh an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, agus go mbeidh sé ina shráidbhaile mealltach le cónaí ann, le hobair ann, le taitneamh a bhaint as agus le cuairt a thabhairt air. Ní spreagfar ach fás cónaithe nádúrtha / orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

# 3.0 Deiseanna

- Is ann d'acmhainneacht comhdhlúthaithe agus feabhsaithe maidir leis na ceithre cheantar saintréithe atá ina mbunchlocha de chroílár foriomlán an tsráidbhaile, agus is ar fhorbairt láithreán inlíonta agus ar fheabhsúcháin ríochta poiblí a bheidh an acmhainneacht sin bunaithe.
- Tá an acmhainneacht ann freisin na bealaí isteach chuig an sráidbhaile a leagan amach níos fearr.
- Is ann don deis na naisc idir na ceantair shaintréithe a fheabhsú ionas go ndéanfaí léiriú níos soiléire ar fhéiniúlacht an tsráidbhaile agus go bhfeabhsófaí inbhuanaitheacht an tsráidbhaile.

# 4.0 Straitéis Talamhúsáide

Tá cuid mhaith gnéithe lárnacha ina mbonn leis an Straitéis Talamhúsáide don Sráidbhaile-feabhsúcháin ríochta poiblí a chur i bhfeidhm laistigh de gach ceantar saintréithe, lena n-áireofar pábháil nua, moilliú tráchta agus soilsiú sráide, chun go mbeadh gach ceann de na ceantair shaintréithe sin sonraithe go soiléir; d'fhonn ceantar saintréithe Chrosaire an tSráidbhaile a shonrú níos soiléire, spás poiblí nua a chruthú taobh le ceantar ina mbeidh forbraíocht láir sráidbhaile agus scoil nua, agus iad sin ina gcroílár den sráidbhaile; forbairt bealaí siúil a éascú freisin, a sholáthróidh naisc ó lár an tsráidbhaile go dtí ceantair shaintréithe Lennoxbrook / Pairc Naomh Ciarán.

## 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is feadh an R147 atá an fhorbairt chónaithe sa sráidbhaile scaipthe, i ngach ceann de na ceithre cheantar saintréithe, agus í i bhfoirm forbairt ribíneach ina bhfuil tithe scoite laistigh de ghairdíní

móra, agus foirm thógtha níos comhdhlúite de thithe aon stóir agus dhá stór, mar aon le heastáit fho-uirbeacha de chineál traidisiúnta ina bhfuil tithe scoite agus leathscoite, agus iad cruinnithe le chéile lastiar den sráidbhaile i gceantar saintréithe Radharc na hAbhann.

Tá cosán ann a nascann ceantar saintréithe cónaithe Radharc na hAbhann le ceantar cónaithe Chrosaire an tSráidbhaile, ach ní rómhaith atá na naisc idir Crosaire an tSráidbhaile agus na ceantair shaintréithe soir uaidh.

Is gné shuntasach d'fhéiniúlacht an tSráidbhaile í Marglann Charn na Ros, ach ba mhór chun tairbhe an limistéir sin feabhsú comhshaoil a chur i bhfeidhm, lena n-áireofaí tástáil tírdhreacha agus feabhsú teorann, d'fhonn timpeallacht agus taitneamhacht fhísiúil an cheantair saintréithe úd a fheabhsú.

Is soir ó thuaidh ó chrosaire an tsráidbhaile atá an limistéar (láithreán 1.16 heicteár) suite, a sainaithníodh le freastal ar fhorbairt chónaithe amach anseo le linn shaolré an phlean reatha.

## 4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Carn na Ros sainaitheanta mar ionad miondíola leibhéal 5 in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá réimse beag seirbhísí miondíola ann, agus is iad na príomhchinn orthu sin ná siopa áise agus siopa crua-earraí, chomh maith le hoifig phoist agus teach tábhairne. Is mór a spreagann Marglann Charn na Ros geilleagar an tsráidbhaile, agus is foinse thábhachtach fostaíochta í ar bhonn áitiúil.

Bheadh raon níos leithne agus éagsúlacht níos fairsinge áiseanna go mór chun tairbhe an tsráidbhaile, agus tá an fhéidearthacht ann an láithreán atá suite soir ó thuaidh ó Chrosaire an tSráidbhaile a chomhdhlúthú le go gcuimseodh sé forbraíocht ilchineálach ina mbeadh lárionad baile agus forbairt chónaithe. Ina theannta sin, bheadh an deis ann cruthú post a éascú dá gcuirfeadh fiontair bheaga agus mheánmhéide fúthu ar an láithreán sin, nó ar an láithreán laisteas d'áis na Marglainne. Tá an sráidbhaile suite an-ghar do Cheanannas, agus cuirfidh sin stop fós le mealladh áiseanna seachas iad siúd a fhreastalaíonn ar riachtanais phráinneacha an tsráidbhaile agus an cheantair thart timpeall air; d'ainneoin sin, spreagfar cruthú fostaíochta go háitiúil. Dírítear sa straitéis forbartha thuas freisin ar fheabhas a chur ar na seirbhísí bus áitiúla chuig ionaid fostaíochta níos mó in aice láimhe.

## 4.3 Bonneagar

Faoi láthair, is é córas cóireála fuíolluisce Charn na Ros, atá suite i bhforbraíocht tithíochta Radharc na hAbhann, a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile, agus tá an toilleadh ann chun déileáil le níos mó forbartha. Níl aon soláthar poiblí uisce sa sráidbhaile agus is bac suntasach é sin maidir le soláthar tithíochta / forbartha tráchtála nua i gCarn na Ros. Braitheann an fhorbairt fhadtéarmach ar nasc a bheith ann leis an soláthar poiblí uisce ó sholáthar Cheanannais – an tSeanchaisleáin.

## 4.4 Gluaiseacht

D'fhás Carn na Ros feadh an iarbhóthair N3 a bhíodh ina nasc ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Cabhán. Ó tógadh an M3 agus ó rinneadh an N3 a athailíniú dá bharr, athainmníodh an t-iarbhóthar N3, a chuaigh tríd an sráidbhaile, mar an bóthar réigiúnach R147. Ó críochnaíodh an M3, tá laghdú suntasach tagtha ar an méid tráchta a théann trí Charn na Ros. Is ag Derver, atá suite siar ó thuaidh ón sráidbhaile, atá rochtain ar an N3 anois.

Ba mhór an buntáiste do Charn na Ros é naisc bhus níos fearr a bheith ann chuig bailte in aice láimhe. Tá feabhas tagtha ar sheirbhísí bus chuig an sráidbhaile le blianta beaga anuas, agus cuireadh stadanna bus ar fáil lasmuigh den Eaglais os comhair na Bunscoile, in aice leis an gcrosaire agus lasmuigh d'fhorbraíocht tithíochta Radharc na hAbhann.

Cé go bhfuil cosán agus soilsiú poiblí ann cheana a nascann forbraíocht chónaithe Radharc na hAbhann le lár an tsráidbhaile, agus an sráidbhaile leis an reilig áitiúil, is gá i gcoitinne tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh ar na naisc shiúil agus rothaíochta sa sráidbhaile. Tá tromlach na forbartha déanta laistigh de 800 méadar ó chrosaire an tsráidbhaile. Dá soláthrófaí naisc shiúil agus rothaíochta ó lár an tsráidbhaile chomh fada leis na páirceanna imeartha, bheadh cúrsaí taistil laistigh den sráidbhaile i bhfad níos fearr do choisithe agus rothaithe.

Dá laghdófaí an tréthrácht tríd an sráidbhaile, bheadh deis ann dul i ngleic le ceisteanna maidir le sábháilteacht tráchta, mar shampla, soláthar cosán agus an fhéidearthacht, raonta rothaíochta a thabhairt isteach, rud a laghdódh luasanna dá réir.

Sa straitéis thuasluaite, cuirtear feabhsúcháin ríochta poiblí chun cinn laistigh de gach ceann de na ceantair shaintréithe, a áireoidh áiseanna feabhsaithe siúil agus rothaíochta araon, agus a fhreastalóidh ag an am céanna ar leibhéil chuí pháirceála a thabhairt isteach le haghaidh na seirbhísí áitiúla.

## 4.5 An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

Is bua de chuid Charn na Ros é an oidhreacht thógtha stairiúil i gcnuasach Chrosaire an tSráidbhaile, a chuireann leis an ómós áite a bhraitear ann, agus áirítear leis an oidhreacht sin déanmhais chosanta agus foirmeacha traidisiúnta foirgneamh dúchasach, mar aon le foirgnimh feirme agus teorainneacha lastiar den sráidbhaile ag Radharc na hAbhann, agus tithíocht, cróite agus cúirtealáiste Lennoxbrook lastoir den sráidbhaile. Níl aon séadchomharthaí seandálaíochta i gCarn na Ros taifeadta ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, cé go bhfuil neart séadchomharthaí laisteas den sráidbhaile, lena n-áirítear fothrach eaglaisí, ardchrosa agus cloch oghaim, atá suite ag Tobar Naomh Ciarán.

## 4.6 Bonneagar Glas

Cé go bhfuil sócmhainní comhshaoil le fáil sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird, níl aon láithreáin Natura 2000 sa sráidbhaile. Tá limistéar faoi Chaomhnú Speisialta / Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe suite 420 méadar laisteas den sráidbhaile, áfach.

Is ann do chuid mhaith crann fásta a chuireann go suntasach le timpeallacht tírdhreacha an tsráidbhaile, agus iad le feiceáil taobh thiar de Chrosaire an tSráidbhaile ar an mbealach isteach go dtí an sráidbhaile ó dheas, agus timpeall ar Theach Lennoxbrook laistoir de lár an tsráidbhaile.

Rinneadh na bearnaí idir na limistéir forbartha reatha a choimeád sa straitéis, ionas go gcoinneofaí na naisc leis an tírdhreach tuaithe agus lena chinntiú go gcosnófaí féiniúlacht na gceithre cheantar saintréithe.

Is bunghné de rath na Straitéise Forbartha thuasluaite é cosaint thimpeallacht nádúrtha Charn na Ros, mar go gcuireann sin féiniúlacht agus cúlra taitneamhachta faoi leith dá chuid féin ar fáil don sráidbhaile.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá bunscoil sa sráidbhaile, agus í suite os comhair na hEaglaise Caitlicí agus Halla an Pharóiste. Thart ar 1.2km ó chrosaire an tsráidbhaile atá páirc CLG Charn na Ros suite. Ba chóir aird leanúnach a dhíriú ar a bhfuil ann faoi láthair d'áiseanna cathartha agus pobail lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal fós ar riachtanais an tsráidbhaile, i bhfianaise an daonra atá ina chónaí ann i láthair na huaire agus an daonra mheasta sa todhchaí. Maidir leis na tailte láir sráidbhaile atá suite soir ó thuaidh ó Chrosaire an tSráidbhaile, tá d'fhéidearthacht acu sin spás conláiste chathartha a sholáthar, agus anuas air sin, tá tailte curtha ar leataobh le haghaidh úsáid Pobail, Sóisialta agus Áineasa lastoir den sráidbhaile chun freastal ar an daonra reatha agus ar an daonra a bhfuiltear ag súil leis sa todhchaí.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is iad na ceithre cheantar saintréithe a thugann a shaincharachtar do Charn na Ros. B'fhearrde gach ceantar saintréithe, feabhsúcháin ríochta poiblí a bheith curtha i gcrích ann, lena n-áireofaí comhdhlúthú uirbeach, feabhsú teorainneacha, agus cosáin, soilsiú poiblí agus tírdhreachú níos fearr a sholáthar, d'fhonn leanúnachas físiúil agus siúil a chruthú laistigh de na ceithre cheantar saintréithe, agus eatarthu.

Ba thairbhe do lár an tSráidbhaile freisin é spás cathartha lárnach a chur ar fáil chun Crosaire an tSráidbhaile a threisiú mar chroílár an tsráidbhaile, agus é in aice leis an láithreán forbartha féideartha atá suite soir ó thuaidh ó lár an tsráidbhaile. Tá an-acmhainneacht ag an láithreán sin sa mhéid go gcuirfeadh sé le forbairt Charn na Ros mar go soláthródh sé áiseanna cónaithe, tráchtála agus pobail.

# 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí atá leagtha amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

**Beartas**
Is é beartas na Comhairle:

**Lonnaíocht agus Tithíocht**

| | |
|---|---|
| BEA CHARN 1 | Go mbeadh an comhleanúnachas mar bhonn agus taca ag féiniúlacht Shráidbhaile Charn na Ros; cheantar cónaithe Radharc na hAbhann, Chrosaire an tSráidbhaile, Mharglann Charn na Ros agus Lennoxbrook / Páirc Naomh Ciarán, bunaithe ar chomhdhlúthú agus láidriú na gceithre cheantar saintréithe ar leith sin sa sráidbhaile, d'fhonn an nasc siúil idir na ceantair shaintréithe agus a ríochtaí poiblí a fheabhsú, agus aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le caighdeán oidhreacht thógtha an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú, chun a chinntiú go bhfásfaidh an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, agus go mbeidh sé ina shráidbhaile mealltach le cónaí ann, le hobair ann, le taitneamh a bhaint as agus le cuairt a thabhairt air. |

**Cuspóirí**
Is cuspóir de chuid na Comhairle é:

**Lonnaíocht agus Tithíocht**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 1 | Croístraitéis an Phlean Forbartha Contae a chur i bhfeidhm, ach a chinntiú san am céanna, a oiread agus is féidir, nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Charn na Ros, mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis. |
| CUS CHARN 2 | Tacú le forbairt chónaithe ar thalamh thearcúsáidte agus / nó ar thailte neamhshealbhaithe, agus forbairt den chineál sin a spreagadh, lena n-áirítear forbairt ar láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán a bheith bainte amach maidir le dearadh agus leagan amach. |
| CUS CHARN 3 | Forbairt ceantair chónaithe nua soir ó thuaidh ó Chrosaire an tSráidbhaile a chur chun cinn, ina bhféadfaí spás cathartha nua agus forbairt ilchineálach a chur i bhfeidhm. |

**Geilleagar agus Fostaíocht**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 4 | Tacú le forbairt seirbhísí ilchineálacha ag Crosaire an tSráidbhaile, ina bhféadfaí spás cathartha nua agus forbairt chónaithe nua a chur i bhfeidhm. |
| CUS CHARN 5 | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt gnó ar scála beag agus do chruthú deiseanna fostaíochta i gceantair shaintréithe Chrosaire an tSráidbhaile agus na Marglainne. |
| CUS CHARN 6 | Tacú le húsáid Mharglann Charn na Ros a leathnú le go mbeifí in ann imeachtaí tráchtála / cultúrtha bainteacha eile a reáchtáil inti, chomh maith le himeachtaí gnó amhail margaí feirmeoirí srl. |

**Bonneagar**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 7 | Obair i gcomhar le hUisce Éireann agus tacú leo maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha an tSráidbhaile laistigh de thréimhse an Phlean. |

**Gluaiseacht**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 8 | Na naisc shiúil agus rothaíochta a fheabhsú idir na ceithre cheantar saintréithe agus laistigh díobh. |
| CUS CHARN 9 | Feabhsúcháin ríochta poiblí a sholáthar, lena n-áireofar moilliú tráchta agus tús áite le tabhairt do choisithe agus rothaithe laistigh de gach ceantar saintréithe. |

**An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 10 | Timpeallacht agus saintréithe na ndéanmhas cosanta laistigh de Chrosaire an tSráidbhaile a chosaint, agus na struchtúir thraidisiúnta a chuireann le saincharachtar an cheantair a chosaint freisin, lena n-áirítear tithe baile mhóir atá suite ag crosaire an tsráidbhaile, iostáin agus foirgnimh feirmeoireachta atá suite lastoir de theach an pharóiste, agus Teach Lennoxbrook, chomh maith lena thailte agus a theorainneacha láithreáin, a chuireann le saincharachtar an tsráidbhaile. |
| CUS CHARN 11 | Soláthar cosán leanúnach a chuimseoidh an carachtar oscailte idir na ceantair shaintréithe, agus na crainn fhásta agus na fálta sceach idir na ceantair shaintréithe agus ag na bealaí isteach chuig an sráidbhaile. |
| CUS CHARN 12 | Cosaint a sholáthar le haghaidh na gcrann fásta taobh thiar de Chrosaire an tSráidbhaile, atá le feiceáil ar an mbealach isteach aneas go dtí an sráidbhaile, agus timpeall ar Theach Lennoxbrook lastoir de lár an tsráidbhaile. |
| CUS CHARN 13 | I gcás na radharc atá sainaitheanta ar an léarscáil chriosaithe talamhúsáide, a chinntiú go mbeidís cosanta ar fhorbairt a bhféadfadh go mbeadh drochthionchar aici ar shaintréithe agus ar thaitneamhacht amhairc an tírdhreacha. |

**Sóisialta**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 14 | Forbairt spáis chathartha i geantar saintréithe Chrosaire an tSráidbhaile a chur chun cinn, chomh maith le forbraíocht ilchineálach / chónaithe fhéideartha a thógáil in aice láimhe. |

**Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí**

| | |
|---|---|
| CUS CHARN 15 | Soláthar a dhéanamh le haghaidh forbraíocht soir ó thuaidh ó Chrosaire an tSráidbhaile, ina léireofar meas ar scála agus fhoirm an tsráidbhaile, agus a fheidhmeoidh mar imhfhálú san am céanna ar spás cathartha nua. |
| CUS CHARN 16 | Tabhairt faoi fheabhsúcháin ríochta poiblí d'fhonn tacú le bealaí níos fearr isteach go dtí an sráidbhaile, lena n-áirítear comharthaíocht agus déileáil le teorainneacha. |
| CUS CHARN 17 | Tacú le treisiú fhéiniúlacht gach ceantair saintréithe trí fheabhsúcháin ríochta poiblí, lena n-áirítear teorainneacha, soilsiú poiblí, cóireáil dromchlaí, limistéir a chruthú do choisithe, agus cuíchóiriú limistéar páirceála. (is é sin, Ceantair Shaintréithe_-Cheantar *Cónaithe Radharc na hAbhann*, *Chrosaire an tSráidbhaile*, *Mharglann Charn na Ros* agus *Lennoxbrook / Páirc Naomh Ciarán*.) |
| CUS CHARN 18 | A chinntiú go léireofar meas i ngach forbraíocht nua ar scála, foirm agus saintréithe an tsráidbhaile. |